

Gníomhaíocht Daltaí: Ag Suimiú Slánuimhreacha

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Suimiú Slánuimhreacha', ar CD an Dalta.


Léirigh, mar shampla, go bhfuil $(6) + (-9) = -3$:

$$(6) + (-9) = -3$$




1. Úsáid an sampla thuas mar threoir, agus léirigh mar a shuimítear na slánuimhreacha seo a leanas ar na huimhirlínte thíos:


(a) $4 + (-3)$




(b) $4 + (-2)$




(c) $-5 + 6$




(d) $-4 + (-2)$



(e) $8 - 8$ Is é seo is brí leis: $8 + (-8)$ (Ocht móide 'lúide ocht')



(f) $4 - 6$ Is é seo is brí leis: $4 + (-6)$.



2. Déan iad seo a leanas:

a. $4 + 5$

e. $-8 - 7$

b. $4 - 5$

f. $8 - 7$

c. $-4 + 5$

g. $-7 + 8$

d. $-4 - 5$

i. $-9 + 9$

3. Fuair Laura iasacht €5. D'íoc sí €2 ar ais. Cé mhéad atá fós le haisíoc aici?

4. Fuair Áine iasacht €10, agus iasacht eile €5 ó shin. Cé mhéad atá le haisíoc aici anois?

5. Fuair Pádraig iasacht €8. Thug a aintín €25 dó an tseachtain dár gcionn. Má aisíocann sé an iasacht, cé mhéad a bheidh fágtha aige?

6. Fuair Ciarán iasacht €5, ach thug a aintín €6 dó agus thug a uncail €7 dó. Má íocann sé an iasacht ar ais, an mbeidh go leor fágtha aige le creidmheas €10 a cheannach dá fhón póca? Mínigh do fhreagra.

7. Teocht líide 2°C atá ann faoi láthair. Má ardaíonn an teocht 7°C san iarnóin agus má íslíonn sí 10°C anocht, cén teocht a bheidh againn ansin?

8. Tá Gráinne ar Urlár a Trí. Siúlann sí síos 4 réim staighre. Cén t-urlár ar a mbeidh sí ansin, má thugann réim staighre amháin síos urlár amháin í?

9. Ceap ceisteanna do na huimhreacha thíos:

(a) $-3 + 10$

(b) $-4 + (-8)$

(c) $7 + (-10)$

10. Tabhair an tslánuimhir dhiúltach is mó.
